

an baile sin na mílte punt. Nuair atá baile ag caille na mílte punt diabhal an muste leo céard a dhéanfas díocóirín salach an LPM. Ach níor cruinnigh Gluaiseacht na Gaeilge fiú amháin ar a leithéid, rud a thaispeánas, pé ar bith céard iad, nach gcuatseacht Ghaeilge iad.

Cheana féin tá eagrais ag baint feidhm as an nGaeilge le cursaí réabhlóide a chraobhscaoile. Caithfear go leor eile a dhéanamh: saothar Mhic Conaola agus Uí Leathlair a aistriú faoi chomhair na Gaeltacht, Iris-leabhar Príostín Sheáin Mistéil a chur amach arís agus cuid eile dá shaothar a aistriú. Ba chóir caint nó trácht thábhachtach ar bith a chur amach ina leabharán agus é a dhíol nó a dháil, go háirithe sa nGaeltacht.

Is doigh liom gur cón cumhacht ar stáisiún rúnda Radio. Taispeántóid muid gur san aimsir chaite amháin is féidir a bheith ag caint ar útamáil dháil lucht na Gaeilge.

Ní mór an cineál agóide a thogha go háirdeallach. Is fearr d'agóid ceann nach le Gaeilge go hiomlán atá baint aici ach a gcuirfeadh an pobal nó cuid den phobal thairis sin spéis inti. Ach más agóid i dtaobh Gaeilge a thoghtar is cóir a bheith cinnte nach tionseailt dhuine amháin nó beirt í, go bhfuil seans ann go bhfaighe sí tacaíocht agus gur féidir í a ghnóthú. Ní agóid den tsórt sin í an ceann atá ar siúl faoi 'hoirmeachaí árachais gluaisteán i nGaeilge. Níl na comhluchtaí árachais ag iarra árachais gluaisteán. Duine ar bith a bhí faoi smál timpiste ní bheadh aon ghlaca ag aon chomhlucht eile leis ach an ceann a raibh sé ann. Níor bhua ar bith athrú ó chomhlucht go comhlucht ar aon nós. Dhá mbeifeá loighicíúil leis an seáil chaithfeá caingin a choirneáil go brach nó dhéanfaí dóigh mhaga dhíot agus bheifeá féin ag déanamh éagóra ar dhaoine gan leanacht dhó go dtí an chríoch loighicíúil.

Agus tá mar deárfá an agóid chruthaíoch ann arbh fhearr mar ainm uirthi an Gníomh Cruthaíoch. Gníomh mar sin anois ba ea baile mór suainleasa nó *dermitory town*, ceann Gaeilge, a bhunú faoin tuairt fhóisceacht fiche míle nó chúig mhíle dhéag de Bhaile Átha Cliath. I mBaile Átha Cliath a bheadh na háitreabhóirí ag obair, ach thiosfadh tionseail sa mbaile féin leis an aimsir. An baile seo a bheith ina chomraíocht ar ár n-aisling, baile Gaeilge, baile combarchumannach, baile comhionannais, macalla ó Rath Ailín, macalla ó aisling Uí Leathlair, an Phiarsaigh agus Mhic Conaola. Baile a n-ólfadh muid ann cadres Gaeilgeoirí óga na Réabhlóide.

Agus teastafonn a leithéidí de ghníomhra eile sa nGaeltacht. Lathair thionscail i Ros a Mhí cuir i geas : lár Dheisceart Chonamara. Reidh cail tábhachtach ansin go goirid. Ar an áit seo is córa forás a dhul agus ní ar an gCeathrúin Rua. Caithfear an phoilitíocht bhrocach atá ag iarra chuile rud a chlaona chur na Ceathrúin Rua a chur ó rath.

Ta an t-ama bealach ar féidir an cruinnú, an píead, an t-idirbhearna cainte, ceangal do ráilí, an céalacan, an sine siar, a oibriú. Le réabhlóid na hionannas a chruthú caithfear dúshlán na rudaí gan fiúntas uilig a thabhairt, abairt leanbái an lae agus rud cho leanbái céanna an *Novel a day* i gceann de na paipéir nuafocht. Caithfe muid na bealaigh agóide is rathúla, leicnice na hagóide agus na réabhlóide, a fhoghlaim. É a fhoghlaim i gcainteannai, i bhfoilséacháin, i seimínéir, ó thairní na gníomhaíochtaí féin. Eagar, eagar stuama is cail do shlánú na Gaeilge.

Is cineál agóide toghachán. Tá cur síos agam i **gComhar** (Meán Fómhair